

Athbhreithniú ar an gComhbheartas Talmhaíochta (CAP)

Amanda Reid, Diarmuid Johnson

I mí na Samhna 2010, rinneadh athbhreithniú ar an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) (CAP). Cén tionchar a bheas aige seo ar thalmhaíocht na hÉireann?

Foilseofar tuarascáil maidir leis an CBT i mí na Samhna, rachaidh urlabhraithe thar ceann na mballstát i gcomhairle lena chéile maidir le moltaí na tuarascála, agus i rith na bliana 2011 pléifidh Comhairle Aontas na hEorpa maraon le Parlaimint na hEorpa torthaí na comhairleoireachta. Ó tharla conradh Lisbon i bhfeidhm, beidh an dá institiúid páirteach bonn araon sa díospóireacht.

Beidh súil seabhaic ag tíortha na hEorpa Láir ar imeachta na tuarascála agus na díospóireachta maidir leis an athstruchtúráil atá á thuar ar an CBT. Le blianta anall, is iad na ballstáit is sine is mó a bhaineann leas as deontais an CBT. Is amhlaidh d'Éirinn. Faoi láthair, ní fhaigheann na ballstáit nua ach 20% d'airgead an CBT.

I Meán Fómhair na bliana seo, le linn dó a bheith ar cuairt ar chomhdháil bhliantúil Chumann Eolaíochta na Talmhaíochta, dúirt an tUasal George Lyon MEP, cathaoirleach Choiste na Talmhaíochta i bParlaimint na hEorpa go bhfuil trí ní ann a gcaithfidh Éire aird a thabhairt orthu: an t-airgead a bheas ar fáil nó an t-airgead nach mbeidh ar fáil san Eoraip i gcomhair na talmhaíochta tar éis 2013; an brú atá ann anois le cuid d'airgead na talmhaíochta a chaitheamh ar chúrsaí aeráide agus ar athréimniú na heacnamaíochta; an t-éileamh atá ag na ballstáit nua ar airgead talmhaíochta na hEorpa. Is dóigh leis an Uasal Lyon go gcuirfear deireadh le híocaíocht de réir staire san Aontas. Ina háit sin, is baol go gcuirfear íocaíocht de réir mhéid na dtíortha i bhfeidhm.

Sa tSlóvaic, i bPoblacht na Seice, san Ungáir agus sa bPolainn tá 900,000 heicteár ann a bhíonn faoi bhairr i gcónaí. Táirgíonn na tíortha seo 4,407,795 tonna ciúbach feola in aghaidh na bliana. Ach bíodh sin mar atá, de réir an chórais atá i bhfeidhm, faigheann Éire suas le 20% níos mó ná iad ina airgead deontais. Sna cheithre thír shamplach seo, níl i luach na ndeontas talmhaíochta ach 20% de luach a gcuid barr agus a gcuid feola. Faigheann Éire €1.88bn in aghaidh na bliana faoi láthair ina dheontaisí talmhaíochta. Is ionann sin nach mór agus luach gach a tháirgíonn sí.

Ní i measc na mball nua amháin a bheifear ag cnáimhseáil faoin airgead mór a fhaigheann leithéid na hÉireann agus na Fraince. Is eol don saol go bhfuil An Bhreatain Mhór bréan den scéal. Is amhlaidh freisin san Ísiltír agus sa tSualainn. Beidh cuid de na tíortha seo ag argóint ar son laghdú san airgead talmhaíochta cuma cé atá i dteideal é a fháil. €120 billiún atá i mbuiséad an Aontais. Dáiltear 40% de ar lucht talmhaíochta. Is baol go bhfuil an port sin seinnte.

Tá iachall eile ag teacht sna sálaí ar an laghdú san airgead talmhaíochta. Baineann sé le breosla, le foinsí cumhachta agus le cúrsaí truaillithe. Seo a leanas na dúshláin atá á gcur ar Éirinn faoi fhorálacha aeráide an Choimisiúin Eorpaigh, rudaí atá le cur i gcrích faoi 2020: 16% dár gcuid fuinnimh a bhaint as foinsí is féidir a athnuachan; deimhniú gur bithbhreosla a bheas i 10% den bhreosla iompair a chaitheann muid; na heisiúintí gáis a leanann téamh iad a laghdú le 20%. Tá dlúthbhaint idir na héilimh seo agus cúrsaí talmhaíochta. Ní féidir le hÉirinn rud ar bith a chur thar tír amach ach ar an aer nó ar an bhfarraige, dhá mhodh iompair a mbíonn ola i gceist leo. Ar an mór-roinn bíonn traentacha

ag dul ó thír go tír, rud is glaine go mór.

I measc na bhfeirmeanna is lú a bheas thíos leis na hathruithe atá i dtuar sna deontais CBT, tá feirmeanna orgánacha. Orthu sin cuir i gcás tá feirmeanna a dhéanann fíon, plandaí maisiúla, bairr mheascaithe, muca, éanlaith agus uibheacha. Ní mórán de dheontas a thugtar dá leithéid sin. Ach is í fírinne an scéil gur beag feirm mheascaithe in Éirinn lenár linn féin. I láthair na huaire, tá 44,600 heicteár á saothrú ag 1,440 feirmeoirí orgánacha. Beagán le cois ar 1% den talamh atá sa méid sin. San Ostair cuir i gcás tá 15% den talamh á shaothrú go horgánach, agus i bPoblacht na Seice is 8.3% atá i gceist.

Sna tíortha samplacha a luadh thuas — an tSlóvaic, An Pholainn, An Ungáir agus Poblacht na Seice — tá córas ag feidhmiú is éifeachtaí ná an córas díspreagúil atá in Éirinn. Bíonn béim acu ar an táirgíocht agus ar fheabhas na táirgíochta. Tá talamh thorthúil acu agus tá sí acu go fairisng. Má fhaigheann siad a sciar féin d'airgead an CBT an bhliain seo chugainn, is iad na tíortha seo a bheas ag beathú na hEorpa. Ní hé an béal bocht ná an béal bán a shábháilfeas Éirinn an uair sin, ach athrú bunúsach i leith úsáid agus saothrú na talún.